- Tá gach tuismitheoir i dteideal saoire do thuismitheoirí ar feadh uasmhéid 18 seachtaine i leith gach linbh. Ní mór an tsaoire do thuismitheoirí seo a thógáil sula sroicheadh an leanbh 8 mbliana d'aois agus í a bheith pléite le d'iarhostóir faoin mbealach ar chóir an tsaoire a thógáil.
- Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le sochair, féach: www.welfare.ie
- Chun tuilleadh eolais maidir le Saoire do Thuismitheoirí, féach: www.workplacerelations.ie



Sochar Linbh

Cad é féin?

Is éard é Sochar Linbh ná íocaíocht €140 in aghaidh na míosa in aghaidh gach linbh ar féidir le tuismitheoirí nó caomhnóirí leanaí atá faoi 16 bliana d'aois, nó faoi 18 mbliana d'aois a éileamh má bhíonn an leanbh in oideachas lánaimseartha, ar chúrsa Ógtheagmhála, nó faoi mhíchumas.

An mbeinn incháilithe?

Bheifeá. In Éirinn tá formhór tuismitheoirí agus caomhnóirí leanaí i dteideal Sochar Linbh a fháil is cuma cé mhéid a thuilleann siad.

Conas a dhéantar iarratas?

Más in Éirinn a rugadh do leanbh, cuirfidh an Roinn Coimirce Sóisialaí tús leis an éileamh láithreach ar do shon ach ní mór duit breith do linbh nuabheirthe a chlárú ar dtús. Seolfaidh an rannóg sochair linbh foirm chugat a bheidh le comhlánú agus le seoladh ar ais chuici. Is féidir sochar linbh a bhailiú uair sa mhí ó d'oifig phoist áitiúil.



An Scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige

Cad é féin?

Is scéim í an Scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE) faoin a gcuirtear cúram agus oideachas luath-óige ar fáil ar feadh dhá bhliain do leanaí atá in aois réamhscolaíochta sula dtosaíonn siad ag an mbunscoil. Tá an scéim seo oscailte do gach leanbh in Éirinn atá idir 3 bliana agus 5 bhliana agus sé mhí go dtí go dtosaíonn siad ar an mbunscoil. De ghnáth freastalóidh do leanbh ar an réamhscoil saor in aisce ar feadh 3 uair an chloig sa lá, 5 lá sa tseachtain i rith an téarma scoile.

Conas a dhéantar iarratas?

I dtosach báire, beidh ort teagmháil a dhéanamh le seirbhísí réamhscoile atá in aice leat. Féadfaidh tú liosta de na seirbhísí réamhscoile i gCathair agus i gContae na Gaillimhe a fháil ó Choiste Cúram Leanaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe. Beidh cóip de theastas breithe nó pas agus uimhir PPS do linbh ag teastáil uait chun iarratas a dhéanamh ar an tseirbhís chúram leanaí atá roghnaithe agat do do leanbh.

Tá gach tuismitheoir linbh réamhscoile i dteideal leas a bhaint as an Scéim ECCE cibé an bhfuil siad fostaithe nó dífhostaithe.



Cuireann Coiste Cúram Leanaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe (GCCCC) na seirbhísí oiriúnacha cúraim leanaí / feighlithe leanaí atá ar fáil duit féin agus do do leanbh in iúl duit.

**Chun tuilleadh eolais a fháil i ndáil leis seo,
is féidir leat teagmháil a dhéanamh le:**

Coiste Cúram Leanaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe
ar 091 752039


nó cuardach a dhéanamh ar a láithreán gréasáin ag
www.galwaychildcare.com

Seirbhís FSS Maidir le Sláinte agus Leas do Linbh/Leanaí

Cuireann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) tacaíochtaí agus seirbhísí sláinte ar fáil do leanaí, do thuismitheoirí agus do theaghlaigh ar fud na hÉireann. Ag d'Oifig Sláinte Áitiúil is féidir leat rochtain a fháil ar sheirbhísí dochtúra (*lena n-áirítear imdhíonadh, a chosnaíonn do leanbh in aghaidh galar áirithe agus tá na vacsaíní sin le fáil saor in aisce ó do Dhochtúir áitiúil*). Is féidir leat tacaíocht a fháil chomh maith ó oibríthe sóisialta, altraí sláinte poiblí, leas pobail agus seirbhísí sláinte leanaí agus teaghlaigh ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Is féidir comhairle agus treoir eile maidir le sláinte a fháil ó láithreán gréasáin FSS www.hse.ie nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh le líne teileafóin FSS ag **1850 24 1850**.

Tacaíonn an tSeirbhís Altranais Sláinte Poiblí le sláinte agus forbairt leanaí nuabheirthe in Éirinn trí chuairt a thabhairt sa bhaile ar an leanbh nuabheirthe agus ar an mháthair chun scrúduithe sláinte a dhéanamh lena n-áirítear an leanbh a mheá, an tástáil sáile agus measúnú a dhéanamh ar fhorbairt an linbh. Déantar scrúdú sláinte ar mháthair an linbh chomh maith agus cuirtear eolas, treoir agus tacaíocht ar fáil don dá thuismitheoir.

Is féidir le hOifigigh na Seirbhíse Leasa Pobail treoir agus tacaíocht a thabhairt faoin Scéim um Liúntas Leasa Forlíontach.



Cártaí Cuairt Dochtúra do Leanaí Faoi 6 Bliana D'aois

Tá leanaí faoi 6 bliana d'aois i dteideal cuairt saor in aisce a thabhairt ar a ndochtúir.

Cumhdaíonn an cárta cuairt dochtúra do leanaí faoi 6 bliana d'aois measúnachtaí áirithe ag aois 2 agus 5 bhliana mar aon le cúram do leanaí a bhfuil plúchadh ag dul dóibh.

Áirítear ar na measúnachtaí sin seiceálacha coisctheacha, mar shampla aois, meáchan agus airde a rianú agus seiceálacha leantacha a dhéanamh.

Mar shampla, déanfaidh seiceálacha i dtaobh plúchadh measúnú ar phlúchadh do linbh agus déanfar athbhreithniú ar a gcuid cógas, mar aon le heolas a sholáthar ar phlúchadh a bhainistiú le bearta coisctheacha, mar shampla an t-análóir a úsáid i gceart srl. Déanfar plean scríofa a leagan amach agus a thabhairt duit chomh maith chun cabhrú leat plúchadh do linbh a bhainistiú. Déantar an chéad seiceáil nuair a dhiagnóisítear plúchadh i leanbh os cionn 2 bhliain d'aois, agus déantar seiceáil eile sna 3 mhí ina dhiaidh sin agus ansin gach bliain go dtí go sroicheann an leanbh 6 bliana d'aois.

Tá gach leanbh faoi 6 bliana d'aois a chónaíonn in Éirinn nó a bheartaíonn cónaí in Éirinn ar feadh bliana amháin ar a laghad incháilithe don Scéim.

Beidh do leanbh san áireamh sa scéim seo go dtí deireadh mhí bhreithlá 6 bliana do linbh. Tá dáta bailí an Chárta Cuairt Dochtúra ar taispeáint ar an gcárta. Tabharfar fógra duit thart ar 3 mhí sula rachaidh an cárta in éag.

Cumhdaíonn an cárta cuairteanna saor in aisce chuig an dochtúir, lena n-áirítear cuairteanna baile agus cúram práinne dochtúra lasmuigh de ghnáthuaireanta.

Má tá cárta leighis ag do leanbh níl aon ghá iad a chlárú le bheith san áireamh sa scéim seo fad a bhíonn siad incháilithe do chárta leighis. Má thagann athrú ar chúinsí do theaghlach amach anseo, áfach, agus mura bhfuil do theaghlach i dteideal Cártaí Leighis a bheith acu a thuilleadh, féadfaidh tú do leanaí atá faoi bhun aois 6 bliana a chlárú don chárta cuairt dochtúra.

Le hiarratas a dhéanamh?

Má bhíonn aon cheist agat sula gcláraíonn tú, féadfaidh tú glaoch ar **Íosghlao 1890 252 919**.



Beidh an méid seo a leanas ag teastáil uait chun clárú:

- D'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PPS)
- Uimhir PPS gach linbh
- Do rogha dochtúra rannpháirtigh

Seoltar Uimhir PPS do linbh chugat i ndiaidh duit breith an linbh a chlárú. Mura bhfuil Uimhir PPS agat do do leanbh, déan teagmháil le Seirbhísí Aitheantais Cliant sa Roinn Coimirce Sóisialaí

ar **Íosghlao 1890 927 999**

nó **seol ríomhphost chuig cis@welfare.ie**

Mura bhfuil Uimhir PPS agat agus má tá do leanbh faoi 2 mhí d'aois, féadfaidh tú clárú tríd an Uimhir PPS a fhágáil bán agus scríobhfaidh FSS chugat ar leithligh chun í a thabhairt duit.

Beidh ort a chinntiú go nglacann do dhochtúir áitiúil le foirmeacha cláraithe ar líne. Má ghlacann, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar líne ag gpvisitcard.ie. Mura nglacann dochtúir le clárúchán ar líne, nó más fearr leat foirm pháipéir a úsáid, féadfaidh tú Foirm Chlárúcháin an Chárta Cuairt Dochtúra do Leanaí faoi 6 bliana d'aois a íoslódáil, í a thabhairt chuig an dochtúir lena síniú agus í a sheoladh, ina dhiaidh sin, chuig:

Cárta Cuairt Dochtúra – Leanaí faoi 6 bliana d'aois


Bosca Poist 12629

Baile Átha Cliath 11

Leithdháiltear Cártaí Leighis ar dhaoine a bhfuil n-ioncam an-íseal chun cabhrú leo leas a bhaint as rochtain ar thacaíochtaí ar nós seirbhísí dochtúra, seirbhísí sláinte pobail, costais cógas ar oideas agus cúram ospidéil. Is féidir teacht ar eolas faoi incháilitheacht ar láithreán gréasáin medicalcard.ie nó is féidir leat iarratas a dhéanamh ar líne ar chárta leighis ar www.medicalcard.ie. Is féidir foirmeacha iarratais a fháil ó d'Oifig Sláinte Áitiúil, Oifig Leasa Shóisialaigh agus Ionad Eolais do Shaoránaigh. Mura n-éiríonn leat déanfar tú a mheasúnú go huathoibríoch do Chárta Cuairt Dochtúra a d'fhéadfá a bheith i dteideal dó. Le Cárta Cuairt Dochtúra tá daoine aonair agus teaghlaigh i dteideal freastal ar choinne le dochtúir teaghlaigh saor in aisce ach níl costas na n-oideas clúdaithe leis an gCárta Cuairt Dochtúra áfach. Is féidir cárta leighis a thabhairt freisin ar fhoras cruatain phearsanta sa chás go bhfuil riocht sláinte laistigh de theaghlach.

Soláthraíonn Seirbhísí Oibre Sóisialta raon seirbhísí cúraim leanaí agus teaghlaigh do thuismitheoirí agus do theaghlaigh in Éirinn chomh maith. Is í an uimhir theagmhála do Ghaillimh **091 546370** nó do Limistéar Bhéal Átha na Sluaighe **090 9642447**.

Soláthraíonn Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh seirbhísí pobalbhunaithe agus i seirbhísí tacaíochta teaghlaigh sa bhaile chomh maith. Le haghaidh tuilleadh eolais agus treorach téigh i dteagmháil leis an FSS ag **091 548496**.



Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora (OFFP)

Cad é féin?

Má tá tú ag súil le do chéad leanbh, ní bheidh tú i dteideal an Íocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora (OFFP) go dtí go mbeirtear an leanbh. Dá bhrí sin, ní mór duit na foirmeacha maidir le hÍocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora a chomhlánú díreach tar éis bhreith do linbh mar d'fhéadfadh sé go dtógfadh sé roinnt ama an t-éileamh a phróiseáil.

An mbeinn incháilithe?

Chun an íocaíocht iomlán a fháil:

- Ní mór duit a bheith i do thuismitheoir ar leanbh amháin faoi 7 mbliana d'aois ar a laghad.
- A bheith ar phríomhchúramóir do linbh/leanaí.
- Ní féidir leat a bheith i do chomhchónaí.
- Tástáil acmhainne agus an Coinníoll Gnáthchónaithe a shásamh.

Ciallaíonn Gnáthchónaí go bhfuil dlúthnaisc chruthaithe agat le hÉirinn nó le páirteanna eile den Chomhlimistéar Taistil:

- 🇪🇺 Fad agus leanúnachas an chónaithe in Éirinn nó in áit eile
- 🇪🇺 Fad agus cuspóir aon asláithreachta ó Éirinn
- 🇪🇺 Cineál agus patrún fostaíochta
- 🇪🇺 Príomhphointe suime
- 🇪🇺 A bhfuil beartaithe agat amach anseo

Is ionann an Comhlimistéar Taistil agus Éire, An Bhreatain Mhór, Oileáin Mhuir nlochta agus Manainn.

Tá Uasráta na hÍocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora in aghaidh na seachtaine do thuismitheoir móide leanbh amháin méadaithe go dtí €222.80 ó mhí an Mhárta 2017.

Conas a dhéantar iarratas?

Ní mór duit an fhoirm maidir le hÍocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig d'Oifig Intreo nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil. Má tá tú singil, ba chóir duit iarratas a dhéanamh laistigh den chéad 3 mhí ó bhreith do linbh.

Má tá tú scartha, colscartha nó mura bhfuil tú i bpáirtnéireacht shibhialta a thuilleadh, ba chóir duit iarratas a dhéanamh laistigh de 6 mhí ón dáta ar scar tú ó do chéile nó ó do pháirtnéir sibhialta. Caithfidh tú a bheith scartha ar feadh 3 mhí sular féidir leat iarratas a dhéanamh ar an sochar seo.



Forlónadh Ioncaim Teaghlaigh

Cad é féin?

Íocaíocht sheachtainiúil saor ó cháin é an Forlónadh Ioncaim Teaghlaigh (*FIS*) atá ar fáil do thuismitheoirí atá fostaithe ach atá ar phá íseal. D'fhéadfá cáiliú don íocaíocht seo má tá tú ag obair ar a laghad 19 uair an chloig in aghaidh na seachtaine ar ioncam íseal.

An mbeinn incháilithe?

Ní mór go mbeadh leanbh cleithiúnach amháin ar a laghad faoi bhun 18 bliain d'aois agat agus ní mór do thuilleamh a bheith faoi íocaíocht áirithe. Chomh maith leis sin ní mór duit a bheith fostaithe ar a laghad 19 uair an chloig gach seachtain agus gur dóigh go mairfidh an fhostaíocht 3 mhí ar a laghad.

Conas a dhéantar iarratas?

Ní féidir leat FIS a fháil:

- ☞ má tá tú ag fáil Sochar Cuardaitheora Poist nó Liúntas Cuardaitheora Poist,
- ☞ má tá tú rannpháirteach i Scéim Fostaíochta Pobail,
- ☞ má tá tú rannpháirteach i Scéim Sóisialta Tuaithe,
- ☞ má tá tú rannpháirteach i Scéim Tús, nó
- ☞ má tá tú rannpháirteach in JobBridge.



Is féidir leat, áfach, leas a bhaint go fóill as an bhForlónadh Ioncaim Teaghlaigh má tá ceann de na sochair seo a leanas á bhfáil agat:

- ☞ Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora,
- ☞ Sochar máithreachais,
- ☞ Liúntas éadaí agus coisbhirt don scoilbhliain nua, nó
- ☞ Díbhinn teaghlaigh um fhilleadh ar obair.

Chun iarratas a dhéanamh, ní mór duit foirm maidir le Forlónadh Ioncaim Teaghlaigh a chomhlánú agus a sheoladh chuig an seoladh seo:

**An Roinn Coimirce Sóisialaí,
Oifig na Seirbhísí Leasa Shóisialaigh, Tithe an Rialtais,
Bóthar Bhéal Átha na Lao, An Longfort, Éire.**

Is féidir teacht ar chóip den fhoirm seo i d'Oifig Leasa Shóisialaigh nó i d'Oifig Intreo áitiúil.

Sochar Cuardaitheora Poist agus Liúntas Cuardaitheora Poist

Cad iad féin?

Is íocaíochtaí leasa shóisialaigh do dhaoine atá dífhostaithe iad an Liúntas Cuardaitheora Poist agus Sochar Cuardaitheora Poist. Tá an íocaíocht a gheobhaidh tú ag brath ar cé chomh fada a bhí tú fostaithe nó dífhostaithe sa bhfórsa oibre.


An mbeinn incháilithe?

Chun ceachtar íocaíocht a fháil ní mór duit:

- A bheith os cionn 18 bliain d'aois,
- A bheith dífhostaithe,
- A bheith ar fáil i gcomhair oibre agus a bheith ag lorg oibre,
- Tástáil Acmhainne, a shásamh,
- An Coinníoll Gnáthchónaithe a shásamh, nó
- A bheith imithe as an scoil le 3 mhí ar a laghad.

Conas a dhéantar iarratas?

Ba chóir duit iarratas a dhéanamh ar Shochar Cuardaitheora Poist ar an gcéad lá a n-éiríonn tú dífhostaithe. Ní mór duit foirm Liúntas Cuardaitheora Poist a chomhlánú agus í a thabhairt chuig d'oifig leasa shóisialaigh áitiúil.



Íocaíocht Idirthrémhseach Cuardaitheora Poist (JST)

Cad í féin?

Socrú speisialta í seo faoin scéim Liúntas Cuardaitheora Poist a thacaíonn le tuismitheoirí leanaí óga dul i mbun fostaíochta.

Tá an íocaíocht seo an-chosúil le Sochar Liúntas Cuardaitheora Poist, ach tá sí difriúil ar bhealaí éagsúla chomh maith:

- Ní gá duit a bheith ar fáil i gcomhair oibre agus ní gá go mbeadh tú dáiríre ag lorg obair lánaimseartha. Is amhlaidh atá seo chun deis a thabhairt duit am a bheith agat le haire a thabhairt do do leanbh/leanaí.
- Is féidir leat páirt a ghlacadh i gcúrsa oideachais/oiliúna agus d'Íocaíocht Idirthrémhseach Cuardaitheora Poist a fháil go fóill.
- Ní gá duit bheith go hiomlán dífhostaithe ar feadh 4 lá as 7 lá. Ciallaíonn seo go bhféadfá oibriú go páirtaimseartha ar feadh 5 lá agus leanfá le híocaíocht a fháil fós.
- Ní féidir leat áfach a bheith i do chomhchónaí le duine eile nuair atá Íocaíocht Idirthrémhseach á héileamh agat.

An bhfuil mé incháilithe?

Chun Íocaíocht Idirthrémhseach Cuardaitheora Poist a fháil.

- Ní mór duit gan a bheith i do chomhchónaí le do pháirtneír.
- Ní mór do do leanbh is óige a bheith idir 7 agus 13 bliana d'aois.
- Ní mór duit Tástáil Acmhainne a phasáil. D'fhonn é sin a dhéanamh, ní mór do d'ioncam a bheith faoi mhéid áirithe. Má tá tú 24 bliain d'aois nó níos óige agus tú i do chónaí le do thuismitheoirí, déanfar cuid dá n-ioncam a bhreithniú agus d'éileamh á phróiseáil.

Conas a dhéantar iarratas?

Chun iarratas a dhéanamh, ní mór duit foirm Íocaíocht Idirthrémhseach Cuardaitheora Poist a chomhlánú ag d'Oifig Leasa Shóisialaigh nó d'Oifig Intreo áitiúil.



Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas

Cad é féin?

Is scéim í an Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas atá ar fáil do thuismitheoirí aonair nó do dhaoine a bhfuil íocaíochtaí áirithe á bhfáil acu a bhfuil sé i gceist acu filleadh ar an oideachas/breisoiliúint.

Má tá tú sa Mheánscoil:

- 🗣️ Is féidir leat Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora a fháil go fóill.
- 🗣️ Nascadh le do Mheánscoil go luath i do thoircheas go bhfeicfidh tú an féidir leas a bhaint as an Scéim Teagaisc Baile. Faoin Scéim seo is féidir le Daltaí cúnaimh a fháil le teagasc baile le linn neamhláithreachtaí a bhaineann le máithreachas. Is féidir eolas a fháil ón láithreán gréasáin seo a leanas:

www.education.ie/en/Parents/Services

Má tá an Mheánscoil fágtha cheana féin agat:

Má tá an Mheánscoil fágtha cheana féin agat nó má tá súil agat filleadh ar an meánscoil agus an Teastas Sóisearach agus an Ardeistiméireacht a dhéanamh, nó freastal ar phobalscoil, scoil chuimsitheach nó scoil ghairmoideachais is féidir leat athrú ón Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora go dtí an Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas má tá tú ag fáil Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora le trí mhí ar a laghad nó níos mó. I gcás cúrsaí tríú leibhéal, ní féidir leat aistriú ach chuig an Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas má tá tú ag fáil Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora le 9 mí ar a laghad nó níos mó. Leis an Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas tá tú i dteideal do Chárta Leighis/do Chárta Cuairt Dochtúra agus Fordheontas Cíosa a choinneáil. Le cáiliú don Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas, ní mór duit a bheith 18 mbliana d'aois nó níos sine agus i gcás daoine atá os cionn 21 bliain d'aois a bheith imithe dhá bliain ar a laghad as an gcóras oideachais.

Conas a dhéantar iarratas?

Nuair a fhaigheann tú fógra go bhfuil áit faighte agat ar chúrsa, ní mór duit an fhoirm Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas a chomhlíonadh agus í a sheoladh chuig d'oifig leasa shóisialaigh áitiúil. Beidh ort deimhniú i scríbhinn a fháil ó chláraitheoir an choláiste nó ón oifig iontrála go bhfuil tú cláraithe mar mhac léinn lánaimseartha. Ní mór duit clárú sula dtosaíonn tú do chúrsa.

Ó mhí Mheán Fómhair 2017 beidh Liúntas Costais Oideachais €500 ar fáil do thuismitheoirí atá ag fáil Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas.

Iarratasóirí BTEA nua in 2015/2016

Má bhí tú ag baint úsáide as an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora, Íocaíocht Idirthréimhseach Cuardaitheora Poist nó Íocaíocht Cuardaitheora Poist ní mór duit do theidíocht maidir le príomhíocaíocht a athbhunú ionas go mbeidh tú in ann leanúint ar aghaidh de bheith i dteideal BTEA don dara bliain staidéir nó do bhlianta ina dhiaidh sin.

Is féidir teacht ar an eolas agus foirm iarratais a íoslódáil ag www.welfare.ie nó teagmháil a dhéanamh le **d'Oifig Intreo** áitiúil.

Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS)

Tá an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais oscailte chomh maith do dhaoine os cionn 21 bliain d'aois agus atá ag fáil Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora le sé mhí níos mó. Níl aon táillí i gceist chun an oiliúint seo a chomhlánú agus tá leabhair saor in aisce. D'fhéadfá a bheith i dteideal liúntas beag taistil agus áit chúraim leanaí saor in aisce. Tá roinnt cúrsaí ar fáil agus is féidir teacht orthu ag www.qualifax.ie

Ógtheagmháil

D'fhéadfadh sé go bhfuil ionad Ógtheagmhála i do cheantar nó in aice lámhe chomh maith. Déantar sainchúrsaí oiliúna agus scileanna praiticiúla a reáchtáil iontu sin. Is féidir leat cúrsaí FETAC, an Teastas Sóisearach agus Curaclam na hArdeistiméireachta a dhéanamh ag d'Ionad Ógtheagmhála áitiúil chomh maith.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le d'oifig Seirbhísí Fostaíochta Áitiúil le haghaidh sonraí na gcúrsaí oiliúna nó scéimeanna fostaíochta pobail a fháil. Féach www.localemploymentservices.ie nó www.solas.ie chun tuilleadh eolais a fháil maidir le cúrsaí oiliúna.

Forlónadh Cíos

Cad é féin?

Ní chuirfear forlónadh cíosa ar fáil ach amháin má bhíonn an chóiríocht oiriúnach do do riachtanais agus an cíos ag teorainn cíosa atá ceadaithe do do cheantar nó faoi bhun na teorann sin.

An mbeinn incháilithe?

Chun cáiliú d'Fhorlónadh Cíos, ní mór na coinníollacha seo a chomhlíonadh:

- A bheith i do chónaí i gcóiríocht do dhaoine gan dídean le sé mhí anuas, nó
- Cóiríocht phríobháideach a bheith ar cíos agat le 6 mhí as na 12 mhí roimhe seo agus nach bhfuil sé d'acmhainn agat an cíos a íoc a thuilleadh mar gheall ar athrú ar chúinsí, nó
- Measúnú déanta ag údarás áitiúil go bhfuil 'gá le tithíocht shóisialta'.
- Ní mór duit an choinníoll gnáthchónaithe a shásamh.

Ní fhéadfaidh tú Forlónadh Cíos a fháil:

- Má tá tú fostaithe ar feadh 30 uair sa tseachtain nó níos mó,
- Má tá cónaí ort i dteach an teaghlaigh,
- Má tá tú i mbun oideachas lánaimseartha (*seachas an Clár um Fhilleadh ar Oideachas, nó Clár Momentum*),
- Má dhiúltaigh tú an dara tairiscint ar chóiríocht a rinne údarás áitiúil, nó
- Má cuireadh amach as tithíocht shóisialta tú mar gheall ar iompar frithshóisialta.

Sa chás ina bhfuil tú fostaithe ar feadh níos mó ná 30 uair sa tseachtain ní bheidh tú i dteideal Forlónadh Cíos a fháil. Má tá tú fostaithe agus go bhfuil glactha leis go bhfuil cóiríocht de dhíth ort faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS) ag d'údarás áitiúil, d'fhéadfá a bheith i dteideal d'fhorlónadh cíosa a choinneáil (*ar choinníoll go bhfuil tú difhostaithe nó nach raibh tú i bhfostaíocht lán-aimseartha ar feadh ar a laghad 12 mhí roimh dul i mbun fostaíochta*).


Conas a dhéantar iarratas?

Ní mór duit foirm maidir le Forlónadh Ioncaim Teaghlaigh a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig ionadaí na Roinne Coimirce Sóisialaí ag d'oifig sláinte áitiúil. Beidh ort chomh maith doiciméid ábhartha a thabhairt leat agus caithfidh do thiarna talún codanna áirithe den fhoirm a chomhlánú, agus caithfidh d'údarás áitiúil na codanna eile den fhoirm a chomhlánú.

Achomharc ar Chinneadh

Má tá tú míshásta leis an gcinneadh a rinneadh maidir le Forlónadh Cíos, ba chóir duit a fhiosrú cén fáth a rinneadh an cinneadh agus ansin is féidir leat achomharc a dhéanamh mura bhfuil tú sásta go fóill.

Chun tuilleadh eolais a fháil téigh chuig www.welfare.ie

Tithíocht Shóisialta**Cad í féin?**

Is éard atá i gceist ná tithíocht nó árasáin a chuirtear ar fáil do dhaoine nach bhfuil ar a gcumas a dtithe féin a cheannach nó a fháil ar cíos. D'fhéadfadh liosta feithimh an-fhada a bheith i gceist chun Tithíocht Shóisialta a fháil, mar sin déan cinnte go ndéanann tú iarratas láithreach.

An mbeinn incháilithe?

Caithfidh d'ioncam a bheith faoi méid áirithe le bheith incháilithe agus tagann athrú ar an méid sin ag brath ar an áit a bhfuil cónaí ort. Ní mór duit a chruthú chomh maith nach féidir leat cóiríocht eile oiriúnach a lorg.

Conas a dhéantar iarratas?

Ní mór duit iarratas a dhéanamh go díreach chuig d'údarás áitiúil i.e Comhairle Chontae na Gaillimhe nó Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

Cáin Ioncaim/Muirear Sóisialta Uilíoch

Is féidir creidmheasanna cánach a éileamh chomh fada siar le ceithre bliana ar a mhéid. Tá sochar máithreachais incháinite agus tá Liúntas Teaghlaigh Aontuismitheora incháinite chomh maith. Níl an Íocaíocht Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh incháinite.

An Muirear Sóisialta Uilíoch

Déanfar muirear Sóisialta Uilíoch a asbhaint ó d'ioncam má thuilleann tú €13,000 nó níos mó. Má tá d'ioncam faoi bhun €13,000 beidh tú díolmhaithe ón Muirear Sóisialta Uilíoch a íoc.


Rátaí Caighdeánacha an USC in 2017

0.5% gach ioncam suas go dtí €12,012

2.5% ioncam idir €12,012.01 agus €18,772

5% ioncam idir €18,772.01 agus €70,044

8% ioncam os cionn €70,044



Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua

Cad é féin?

Cuidíonn an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoil le tuismitheoirí leis an gcostas a bhaineann le héadaí scoile agus coisbhirt do do leanbh/leanaí.

An mbeinn incháilithe?

Ní mór don leanbh/do na leanaí a bheith idir 4 agus 17 bliana d'aois an 30 Meán Fómhair den bhliain a ndéanann tú iarratas nó roimh an dáta sin nó idir 18 agus 22 bliain d'aois an 30 Meán Fómhair nó roimh an dáta sin má tá siad fós in oideachas dara leibhéal chun an focaíocht seo a fháil.

Ní mór duit:

- ☞ A bheith ag fáil focaíochtaí leasa shóisialaigh, nó
- ☞ A bheith ag glacadh páirte i scéimeanna fostaíochta áirithe, nó
- ☞ A bheith ag glacadh páirte i gcúrsa oideachais nó oiliúna deimhnithe, nó
- ☞ A bheith ag freastal ar scéim oiliúna SOLAS, Fáilte Ireland nó LES.

Conas a dhéantar iarratas?

In 2015, bhí an scéim oscailte d'iarratais idir an 1 Meitheamh agus an 30 Meán Fómhair. Gheobhaidh roinnt daoine an Liúntas go huathoibríoch gan foirm a chomhlánú. Chomh luath agus a bheidh teagmháil déanta ag an Roinn Coimirce Sóisialaí le gach duine a cháilíonn go huathoibríoch (*i lár mhí an Mheithimh de ghnáth*) beidh foirmeacha iarratais ar fáil dóibh siúd gur gá dóibh iarratas a dhéanamh ar feadh tréimhse ama tar éis dóibh dul ar ais i mbun fostaíochta.

An mbeinn incháilithe?

Tá tuismitheoirí atá ag imeacht óna bpríomhíocaíocht leasa shóisialaigh (*Liúntas/Sochar Cuardaitheora Poist nó Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora*) agus ag dul i mbun fostaíochta nó féinfhostaíochta incháilithe.

Conas a dhéantar iarratas?

Ní mór duit an fhoirm maidir le Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoil a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig d'oifig leasa shóisialaigh áitiúil.



Bealaí Eile Chun Eolas a Fháil

Tá Faisnéis do Shaoránaigh ar fáil do thuismitheoirí aonair agus do theaghlaigh chomh maith. Cuireann an tseirbhís sin eolas úsáideach ar fáil maidir le cúnamh airgeadais, tithíocht, oideachas, fostaíocht, etc.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh ar an bhfón trí Sheirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh: **0761 07 4000**, Luan go hAoine, 9am - 8pm.

Trí bhualadh isteach chuig d'Ionad Faisnéise do Shaoránaigh i do cheantar.

Tá an tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus an tIonad Faisnéise do Shaoránaigh á maoiniú agus á dtacú ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Cuireann siad faisnéis saor in aisce, rúnda, neamhspleách agus neamhchlaonta ar fáil do chách.

Soláthraíonn an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh roinnt foilseachán maidir le do chearta agus do theidlíochtaí chomh maith.



Eagraíochtaí agus Seirbhísí Úsáideacha Eile i gCathair agus i gContae na Gaillimhe

Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Halla na Cathrach,
Bóthar an Choláiste, Gaillimh.
Fón: 091 536400 www.galwaycity.ie

Comhairle Chontae na Gaillimhe

Áras an Chontae,
Cnoc na Radharc, Gaillimh.
Fón: 091 509000 www.galway.ie

Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe

3 an Plaza,
Bóthar Áth Cinn, Gaillimh.
Fón: 091 773468 www.galwaycity.ie

Cuideachta Forbartha Tuaithe na Gaillimhe

Campas Uí Mhaoilíosa,
Béal Átha an Rí, Co. na Gaillimhe.
Fón: 091 844335 www.grd.ie

Forum Connemara

Leitir Fraic, Conamara,
Co. na Gaillimhe.
Fón: 095 41116
www.forumconnemara.ie

Meitheal Forbartha na Gaeltachta

Páirc Gnó Shailearna, Na hAille,
Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Fón: 091 593410
Ionad Fiontair, Ros Muc,
Co. na Gaillimhe.
Fón: 091 574353

Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe

1 an Plaza,
Bóthar Áth Cinn, Gaillimh.
Fón: 091 765390 www.galwaycity.ie

Ionad Faisnéise na Gaillimhe do Shaoránaigh

Sráid San Aibhistín, Gaillimh.
Fón: 091 563344
www.galwaycic.ie /
www.citizensinformation.ie

Ionad Faisnéise do Shaoránaigh Ros Muc

(Seirbhís i nGaeilge)
Ros Muc, Co. na Gaillimhe.
Fón: 0761 077 730

Ionad Acmhainne Mhuintir na Gaillimhe

Siúlán San Clár, Foirgneamh Hynes,
Bóthar na gCeannaithe, Gaillimh.
Fón: 091 564822 / 091 562688

Aonad Iompair na Gaillimhe www.galwaytransport.ie

Tacaíochtaí Airgeadaíochta, An Roinn Coimirce Sóisialaí

An Oifig Leasa Shóisialaigh,
Foirgneamh Hynes,
Sráid San Aibhistín,
Gaillimh.
Fón: 091 500800 www.welfare.ie

MABS, Seirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (*Saor in Aisce*)

Oifigí i gCathair na Gaillimhe,
Baile Locha Riach agus i dTuaim.
Fón: 1890 283 438 www.mabs.ie

Tacaíochtaí agus Seirbhísí Pobail - Tuismitheoireacht

Beidh d'Ionad Acmhainní Teaghlaigh nó d'Ionad Pobail in ann liosta de ghrúpaí, tacaíochtaí agus seirbhísí atá ar fáil i do cheantar a thabhairt duit. Nó is féidir le do Chuideachta Comhpháirtíochta ceantair áitiúil cabhrú leat le d'fhiosruithe.

Treoir

Fón: 1890 252 084 www.treoir.ie

One Family

Fón: 1890 66 22 12 www.onefamily.ie

Clinic Pleanála Teaghlaigh na Gaillimhe

Sráid San Aibhistín,
Gaillimh.

Fón: 091 562992

FSS, Líne chabhrach

Fón: 1850 24 1850 www.hse.ie

FSS, An Rannóg Sláinte Poiblí

Páirc Mhuirlinne,
Gaillimh.

Fón: 091 775200

Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh

Bóthar an Chaisleáin Nua,
Gaillimh.

Fón: 091 544544

Oifig Sláinte Áitiúil na Gaillimhe

Seirbhísí Pobail,
25 Bóthar an Chaisleáin Nua,
Gaillimh.

Fón: 091 523122

An Clár Tacaíochta do Thuismitheoirí sna Déaga

Roinn na hOibre Sóisialta,
Ospidéal na hOllscoile Gaillimh,
Bóthar an Chaisleáin Nua,
Gaillimh.

Fón: 091 544960

Cúram Leanaí, Coiste Chúram Leanaí Chontae & Chathair na Gaillimhe

9b Ionad Miondíolaíochta
an Leasa Bháin,
Bóthar Thuama,
Gaillimh.

Fón: 091 752039

www.galwaychildcare.com

Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin

Coiléar Bán,
Baile Átha an Rí,
Co. na Gaillimhe.

Fón: 091 874500 info@gretb.ie

Ionad Oiliúna Phobal Chathair na Gaillimhe

Ionad Miondíolaíochta
an Leasa Bháin,
Bóthar Thuama,
Gaillimh.

Fón: 091 753849

Tacaíochtaí agus Seirbhísí Pobail - Tuismitheoireacht ar lean...

Solas, Oifig Seirbhísí Fostaíochta Thuama

An tSráid Ard,
Tuaim,
Co. na Gaillimhe.
Fón: 093 28066 / 093 28067

Ionad Oiliúna GRETB

Páirc Ghnó Mervue,
Bóthar Mhuineacháin,
Mervue,
Gaillimh.
Fón: 091 706208

Tógáil, Tionscnamh Oiliúna Áitiúil

Halla Naomh Pádraig,
An Fairgreen,
Gaillimh.

Soghluaiste: 085 8156792

Ríomhphost: ltitogail@eircom.net

Facebook: Togail Local Training Initiative

Website: <http://www.togail.ie>

Ionad Acmhainní Teaghlaigh Solas

An tSráid Mhór,
Baile Átha Cliath,
Co. na Gaillimhe.
Fón: 093 36446
Ríomhphost:
coordinator@solasfrc.ie

Ionad Acmhainní Teaghlaigh Bhaile Locha Riach


Sráid Pigott,
Baile Locha Riach,
Co. na Gaillimhe.
Fón: 091 871149
Ríomhphost: coordinator@loughreafamilyresourcecentre.ie

Ionad Acmhainní Teaghlaigh an Ghort

Sráid na hEaglaise,
Gort,
Co. na Gaillimhe.
Fón: 091 630902
Ríomhphost:
coordinator@gortfrc.com

Obair Óige na hÉireann

41/43 Cnoc na Radhairc,
Gaillimh.
Ríomhphost:
info@youthworkgalway.ie
Fón: 091 561637
Facs: 091 533643



Eolas i leabhráin atá le fáil ó na láithreáin ghréasáin seo a leanas:

www.welfare.ie

www.hse.ie

www.citizensinformation.ie

www.galwaychildcare.com

www.treoir.ie

www.galwaycitycouncil.ie

www.spunout.ie

www.galwaycountycouncil.ie

www.localemploymentservices.ie

www.gcp.ie

www.workplacerealtions.ie

www.gtmtrav.ie

www.qualifax.ie

Nótaí